2026/2575

16.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2575 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 15 agus an 16 Deireadh Fómhair 2026, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí fós diongbháilte agus tacaíocht dhaingean á tabhairt aici do neamhspleáchas, do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go leanfaidh an tAontas de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a sholáthar don Úcráin agus dá muintir, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn léi. Cháin an Chomhairle Eorpach go láidir an géarú a rinne an Rúis ar na hionsaithe mórscála córasacha diúracán agus drón atá á ndéanamh aici d'aon ghnó ar shibhialtaigh agus ar bhonneagar sibhialtach na hÚcráine. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go bhfuil rún daingean ag an Aontas tuilleadh brú a chur ar an Rúis ionas go n-éireoidh sí as a cogadh foghach brúidiúil agus go rachaidh sí i mbun caibidlíocht fhóinteach ionsar an tsíocháin.

(3) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh mhéadaithigh atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, agus go háirithe a feachtas míleata brúidiúil lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Go háirithe, measann an Chomhairle gur cheart 12 dhuine aonair agus 105 eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145 CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘2945.	Igor Aleksandrovich KONFINO Rúisis: Игорь Александрович КОНФИНО	Feidhm: Bainisteoir White Agate Marine SPC, Citrine Marine SPC agus Serpentine Marine SPC Dáta breithe: 9.7.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 231555767265 Eintiteas comhlachaithe: Sovcomflot JSC	Is bainisteoir cláraithe de chuid White Agate Marine SPC, Serpentine Marine SPC agus Citrine Marine SPC é Igor Konfino. Is iad na cuideachtaí sin úinéirí cláraithe roinnt soithí atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais agus a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a dhéanann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. Ina theannta sin, bhí roinnt soithí a bhí faoi úinéireacht White Agate Marine SPC, Serpentine Marine SPC agus Citrine Marine SPC faoi úinéireacht oifigiúil Sovcomflot JSC roimhe seo, cuideachta loingseoireachta mhór de chuid na Rúise, agus cuideachtaí comhlachaithe. Tá fearann in úsáid le haghaidh sheoladh teagmhála Igor Konfino atá in úsáid ag Sovcomflot JSC nó cuideachtaí gaolmhara freisin. Dá bhrí sin, bainistíonn Igor Konfino cuideachtaí ar leo soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a dhéanann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta. Tá baint ag Igor Konfino freisin le Sovcomflot JSC.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2946.	Daniil Yuryevich MOSIN Rúisis: Даниил Юрьевич МОСИН	Feidhm: Bainisteoir White Agate Marine SPC, Citrine Marine SPC agus Serpentine Marine SPC Dáta breithe: 26.12.1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 231516475283 Eintiteas comhlachaithe: Sovcomflot JSC	Is bainisteoir cláraithe de chuid White Agate Marine SPC, Serpentine Marine SPC agus Citrine Marine SPC é Daniil Mosin. Is iad na cuideachtaí sin úinéirí cláraithe roinnt soithí atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais agus a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a dhéanann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. Ina theannta sin, bhí roinnt soithí a bhí faoi úinéireacht White Agate Marine SPC, Serpentine Marine SPC agus Citrine Marine SPC faoi úinéireacht oifigiúil Sovcomflot JSC roimhe seo, cuideachta loingseoireachta mhór de chuid na Rúise, agus cuideachtaí comhlachaithe. Tá na cuideachtaí sin nasctha le Sovcomflot JSC trína struchtúr bainistíochta. Dá bhrí sin, bainistíonn Daniil Mosin cuideachtaí ar leo soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a dhéanann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta. Tá baint ag Daniil Mosin freisin le Sovcomflot JSC.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2947.	Artur Robertovich PARANYANTS Rúisis: Артур Робертович ПАРАНЯНЦ	Feidhm: Bunaitheoir AP International Petroleum Trading DMCC Dáta breithe: 23.8.1998 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 234908394961	Is fear gnó Rúiseach é Artur Paranyants a bhfuil baint aige leis an earnáil fuinnimh. Is é bunaitheoir agus bainisteoir ceadúnais AP International Petroleum Trading DMCC é Artur Paranyants agus is comhalta é de Choiste Iniúchóireachta Bhord Stiúrthóirí LLC “Slavyansk ECO”. Is cuideachta é AP International Petroleum Trading DMCC atá bunaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus a bhfuil baint aige le trádáil dhomhanda ola. Is é LLC “Slavyansk ECO” an príomhsholáthróir de chuid AP International Petroleum Trading DMCC, ar cuideachta Rúiseach é atá i mbun ola a tháirgeadh agus a phróiseáil agus táirgí peitriliam a dhíol. Is é AP International Petroleum Trading DMCC príomhfhéichiúnaí LLC “Slavyansk ECO” freisin. Tá gaol ag Artur Paranyants le Robert Paranyants ar leis formhór scaireanna LLC “Slavyansk ECO” i dteannta a dhearthár, Valery Paranyants. Tá scaireanna ag Artur agus Robert Paranyants i gcuideachtaí eile freisin, lena n-áirítear cuideachtaí a bhíonn i mbun táirgeadh ola. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Artur Paranyants rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá baint ag Artur Paranyants freisin le Robert Paranyants.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2948.	Konstantin Rafikovich AGADZHANYAN Rúisis: Константин Рафикович АГАДЖАНЯН	Feidhm: Ard-Stiúrthóir LLC “Slavyansk ECO” Dáta breithe: 1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 234905154136	Is é Konstantin Agadzhanyan Ard-Stiúrthóir LLC “Slavyansk ECO”, cuideachta Rúiseach a bhíonn ag táirgeadh ola agus á próiseáil agus ag díol táirgí peitriliam, go háirithe i réigiún Krasnodar. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Konstantin Agadzhanyan rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026
2949.	Luiza Zavenovna PAPAZYAN ar a dtugtar freisin Louise Papzyan Rúisis: Луиза Завеновна ПАПАЗЯН	Feidhm: Scairshealbhóir in LLC “Slavyansk ECO” Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 234908394961 Daoine aonair comhlachaithe: Robert Paranyants; Valery Paranyants	Is pearsa ghnó í Luiza Papazyan a bhfuil baint aici leis an earnáil ola. Is duine de thriúr scairshealbhóirí LLC “Slavyansk ECO” í Luiza Papazyan, cuideachta thábhachtach Rúiseach a bhíonn ag táirgeadh ola agus á próiseáil agus ag díol táirgí peitriliam, go háirithe i réigiún Krasnodar. Tá scaireanna ag Luiza Papazyan i gcuideachtaí eile freisin, lena n-áirítear cuideachtaí a bhíonn i mbun táirgeadh ola. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Luiza Papazyan rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá baint ag Luiza Papazyan freisin le Robert Paranyants agus Valery Paranyants.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2950.	Robert Vasilyevich PARANYANTS Rúisis: Роберт Васильевич ПАРАНЯНЦ	Feidhm: Scairshealbhóir in LLC “Slavyansk ECO” Dáta breithe: 19.7.1972 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 234901151582	Is pearsa ghnó é Robert Paranyants a bhfuil baint aige leis an earnáil ola. Is é príomh-scairshealbhóir LLC “Slavyansk ECO” é Robert Paranyants, cuideachta thábhachtach Rúiseach a bhíonn ag táirgeadh ola agus á próiseáil agus ag díol táirgí peitriliam, go háirithe i réigiún Krasnodar. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá scaireanna ag Robert agus a dheartháir Valery Paranyants i gcuideachtaí eile freisin, lena n-áirítear cuideachtaí a bhíonn i mbun táirgeadh ola. Dá bhrí sin, tá Robert Paranyants rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá baint ag Robert Paranyants freisin le Valery Paranyants.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2951.	Valery Vasilyevich PARANYANTS Rúisis: Валерий Васильевич ПАРАНЯНЦ	Dáta breithe: 1967 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 616483414106 Duine aonair comhlachaithe: Robert Paranyants	Is pearsa ghnó é Valery Paranyants a bhfuil baint aige leis an earnáil ola. Is duine de thriúr scairshealbhóirí LLC “Slavyansk ECO” é Valery Paranyants, cuideachta thábhachtach Rúiseach a bhíonn ag táirgeadh ola agus á próiseáil agus ag díol táirgí peitriliam, go háirithe i réigiún Krasnodar. Cuireann an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Tá scaireanna ag Valery agus a dhearthár Robert Paranyants i gcuideachtaí eile freisin, lena n-áirítear cuideachtaí a bhíonn i mbun táirgeadh ola. Dá bhrí sin, tá Valery Paranyants rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá baint ag Valery Paranyants freisin le Robert Paranyants.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2952.	Sergey Mikhailovich GRIB Rúisis: Сергей Михайлович ГРИБ	Feidhm: Úinéir LLC “Omega Energy” agus LLC “Marine Legacy” Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Cánach Aonair: 770482905454	Is é Sergey Grib úinéir LLC “Omega Energy” agus LLC “Legacy Marine”. Is cuideachta Rúiseach é LLC “Omega Energy” a bhfuil baint aige le trádáil táirgí peitriliam agus atá nasctha, go háirithe trína úinéir, le cuideachtaí líonraí amhrasacha a bhfuil baint acu le hola Rúiseach a onnmhairiú, lena n-áirítear chun tairbhe mórchuideachtaí ola sa Rúis. Is earnáil í an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, a chuireann cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is cuideachta Rúiseach é LLC “Legacy Marine” a oibríonn nó a bhainistíonn soithí a bhfuil baint acu le cleachtais chontúirteacha agus ola na Rúise á hiompar acu, amhail gan árachas dliteanais leordhóthanach a bheith acu, oibríochtaí contúirteacha a dhéanamh, bearta a dhéanamh d’aon ghnó chun brath long a sheachaint amhail a gCórais Aitheantais Uathoibríocha (AIS) a mhúchadh nó gan a bheith ag oibriú faoi bheartas trédhearcach rialachais chorparáidigh. Dá bhrí sin, tá Sergei Grib rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Tá cuideachta ag Sergei Grib ar léi na soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus a dhéanann cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2953.	Tatyana Vladimirovna KIM (Tatyana Vladimirovna Bakalchuk roimhe seo) Rúisis: Татьяна Владимировна КИМ (Татьяна Владимировна Бакальчук roimhe seo)	Feidhm: Fiontraí Rúiseach; Bunaitheoir agus Príomhoifigeach feidhmiúcháin Wildberries Dáta breithe: 16.10.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Cánach Aonair: 507203757508	Is fiontraí Rúiseach í Tatyana Kim (Tatyana Bakalchuk roimhe seo) agus is í Bunaitheoir agus Príomhoifigeach feidhmiúcháin Wildberries í, an miondíoltóir ar líne is mó sa Rúis. Rialaíonn Wildberries beagnach leath de mhargadh ríomhthráchtála na Rúise agus próiseálann sé na billiúin dollar i ndíolacháin bhliantúla. Tá sé ar cheann de na cáiníocóirí is mó i gCónaidhm na Rúise. Feidhmíonn Wildberries mar líonra soláthair d'arm na Rúise trí dhíol earraí míleata agus dé-úsáide a éascú. Tá comhpháirtíocht straitéiseach bunaithe ag Wildberries le VTB Bank atá faoi úinéireacht tromlaigh an stáit, eintiteas atá liostaithe ag an Aontas. Dá bhrí sin, tá Tatyana Kim ag tacú go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus tá sí ag baint tairbhe as. Ina theannta sin, tá Tatyana Kim ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus baineann sí tairbhe as.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2954.	Ruslan Sulimovich BAYSAROV Rúisis: Руслан Сулимович БАЙСАРОВ	Feidhm: Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí TEPC (JSC Tuva Energy Industrial Corporation) Dáta breithe: 9.8.1968 Áit bhreithe: Prigorodnoye, Ceantar Grozny, Poblacht Shóivéadach Shóisialach Fhéinrialaitheach Seisniach-Iongúiseach, PCSS na Rúise, APSS Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Cánach Aonair: 507203757508 Eintiteas comhlachaithe: PJSC Yuzhuralzoloto Group of Companies (UGC)	Is billiúnaí Rúiseach é Ruslan Baysarov a bhfuil sócmhainní móra bonneagair, mianadóireachta agus fuinnimh aige ar fud Chónaidhm na Rúise. Tá Ruslan Baysarov ina Chathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí TEPC (JSC Tuva Energy Industrial Corporation) agus is é an príomhscairshealbhóir in JSC Bamtonnelstroy-Most (BTS-Most), arb í ceann de na cuideachtaí bonneagair agus tógála iompair is mó sa Rúis í. I mí an Mheithimh 2026, tháinig Ruslan Baysarov, trí BTS-Most Holding, chun bheith ina scairshealbhóir tromlaigh in Yuzhuralzoloto (UGC) (BTS-Gold faoi láthair). Is ceann de na cuideachtaí mianadóireachta óir is mó i gCónaidhm na Rúise é Yuzhuralzoloto (UGC) agus tá sé liostaithe ag an Aontas. Tá an t-onnmhairiú miotal lómhar ar cheann de na foinsí ioncaim is suntasaí atá ag Rialtas Chónaidhm na Rúise. Is é Ruslan Baysarov úinéir agus Ardstiúrthóir JSC Tuva Energy Industrial Corporation (TEPK) freisin, cuideachta atá dírithe ar fhosú guail Elegest a fhorbairt, mar aon le tógáil an iarnróid ann. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó sa Rúis é Ruslan Baysarov atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tacaíonn Ruslan Baysarov, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le Rialtas Chónaidhm na Rúise agus le cinnteoirí na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe astu.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2955.	Alexander Anatolyevich CHACHAVA Rúisis: Александр Анатольевич ЧАЧАВА	Feidhm: Fiontraí Rúiseach, Bunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta an ghnólachta caipitil fiontair Leta Capital; úinéir JSC “O23” Dáta breithe: 27.10.1979 Áit bhreithe: Tbilisi, an tSeoirsia (PSS na Seoirsia ag an am) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is fiontraí Rúiseach é Alexander Chachava, Bunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta an ghnólachta caipitil fiontair Leta Capital. Is é úinéir na cuideachta sealbhaíochta infheistíochta Rúisí JSC “O23” é Alexander Chachava, an chuideachta ag a bhfuil an scair is mó sa dara cuideachta ríomhthráchtála is mó sa Rúis, Ozon. Feidhmíonn Ozon mar líonra soláthair d’arm na Rúise trí dhíol trealaimh mhíleata agus earraí dé-úsáide a éascú. Tá leas ag Alexander Chachava freisin in Yandex, an chuideachta TF is mó i gCónaidhm na Rúise. Gineann an earnáil TF ioncam suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó sa Rúis é Alexander Chachava atá rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá Alexander Chachava ag tacú, go hábhartha nó ó thaobh airgeadais de, le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus baineann sé tairbhe as.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2956.	Sergey Vladimirovich MATVIENKO Rúisis: Сергей Владимирович МАТВИЕНКО	Feidhm: Fear gnó Rúiseach, mac le Cathaoirleach Chomhairle Cónaidhme Chónaidhm na Rúise agus iarghobharnóir Chathair Pheadair, Valentina Matvienko, úinéir LLC Parameter Dáta breithe: 5.5.1973 Áit bhreithe: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann INN 782509603622 Duine aonair comhlachaithe: Valentina Matvienko	Is fear gnó Rúiseach é Sergey Matvienko, scairshealbhóir in LLC Megalit-Okhta Group, ceann de na forbróirí réadmhaoine is mó sa Rúis. Mar fhorbróir réadmhaoine ar fiú na billiúin é, feidhmíonn LLC Megalit-Okhta Group mar mhór-ranníocóir fioscach le buiséad Chónaidhm na Rúise. Is é Sergey Matvienko an t-aon úinéir ar LLC Parameter freisin, cuideachta mhór innealtóireachta agus tógála bonneagair Rúiseach a dhéanann speisialtóireacht i mbailiú, cóireáil agus deisiú córas fuíolluisce agus séarachais. Bíonn cuideachtaí Sergey Matvienko ag obair go príomha le cliaint mhóra ar chonarthaí rialtais. Dá bhrí sin, is príomhphearsa ghnó é Sergey Matvienko a bhíonn ag feidhmiú sa Rúis. Tá Sergey Matvienko ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026’

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘1846.	JSC “Alef-Bank” Rúisis: АО АКБ “Алеф-Банк”	Seoltaí: Building 1, 21/33, Krzhizhanovskogo Street, Moscow, 117218, Russian Federation 5 Moldavskaya St., Moscow, 121467, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 16.10.1992 Uimhir Aitheantais Chánach: 7710050376 Uimhir KPP: 773101001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 411-77-47 Suíomh gréasáin: https://www2.alefbank.com/ Ríomhphost: alefbank@alefbank.ru	Is banc tráchtála Rúiseach é JSC “Alef-Bank” a bhfuil a cheannáras i Moscó. Oibríonn JSC “Alef-Bank” faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC “Alef-Bank” comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Tá ceadúnas ó Sheirbhísí Slándála Chónaidhm na Rúise (FSB) ag JSC “Alef-Bank” le haghaidh gníomhaíochtaí cripteagrafacha agus cosanta faisnéise. Tairgeann JSC “Alef-Bank” tréimhsí cairde aisíocaíochta iasachta do bhaill d’Fhórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a thugtar uirthi. Mar thoradh air sin, tá beartais Rialtas na Rúise á gcur chun feidhme go díreach ag JSC “Alef-Bank”. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC “Alef-Bank” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC “Alef-Bank” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1847.	JSCB “Agropromcredit” Rúisis: АО КБ “Агропромкредит”	Seoladh: 22 Burdenko Street, Moscow, 119121, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 9.6.1994 Uimhir Aitheantais Chánach: 5026014060 Uimhir KPP: 7704010014 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafóin: +7 (495) 739-20-05, +7 (495) 755-80-08 Suíomh gréasáin: http://www.apkbank.ru Ríomhphost: info@tkbbank.ru	Is banc tráchtála Rúiseach é JSCB “Agropromcredit” atá lonnaithe i Moscó. Tá an banc sin faoi rialú príomha Chónaidhm na Rúise, tríd an nGníomhaireacht Chónaidhme um Bainistiú Maoine Stáit (Rosimushestvo). Tá ceadúnas ó Sheirbhís Slándála Chónaidhm na Rúise (FSB) ag JSCB “Agropromcredit” le haghaidh gníomhaíochtaí cripteagrafacha agus cosanta faisnéise. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSCB “Agropromcredit” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1848.	JSC “Bank 131” Rúisis: АО “Банк 131”	Seoladh: 38 Nekrasova Street, Kazan, Republic of Tatarstan, 420012, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 21.3.2019 Uimhir Aitheantais Chánach: 1655505780 Uimhir KPP: 165501001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://131.ru/ Ríomhphost: dengi@131.ru	Is banc teicneolaíochta airgeadais Rúiseach é JSC “Bank 131” a bhfuil a cheanncheathrú i bPoblacht na Tatarstáine. Díríonn an banc sin ar sheirbhísí idirbhirt a sholáthar do chuideachtaí Rúiseacha agus idirnáisiúnta, trí aistrithe airgid idirnáisiúnta agus íocaíochtaí trasteorann a sheirbhísiú. Gníomhaíonn JSC “Bank 131” mar oibreoir córais íocaíochta trína ardán dengi.ru agus ar an gcaoi sin éascaíonn sé íocaíochtaí díreacha trasteorann. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC “Bank 131” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1849.	Joint Stock Commercial Bank “SLAVIA” Rúisis: Акционерное Общество Коммерческий Банк “СЛАВИЯ”	Seoladh: 5A Kedrova St., Moscow, 117292, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 27.1.1994 Uimhir Aitheantais Chánach: 7726000596 Uimhir KPP: 772801001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 276-10-95 Suíomh gréasáin: https://www.slaviabank.ru/ Ríomhphost: info@slaviabank.ru, mail@slaviabank.ru	Is banc tráchtála Rúiseach é Joint Stock Commercial Bank (JSCB) “SLAVIA” atá lonnaithe i Moscó a oibríonn faoi cheadúnas uilíoch ó Bhanc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Feidhmíonn JSCB “SLAVIA” mar institiúid chreidmheasa atá údaraithe ag an rialtas agus a eisíonn ráthaíochtaí bainc foirmiúla do Sheirbhís Chustaim Chónaidhme Chónaidhm na Rúise. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSCB “SLAVIA” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1850.	JSC Bank “Snezhinskiy” Rúisis: АО Банк “Снежинский”	Seoladh: 19, Ulitsa Vasil'yeva, Snezhinsk, Chelyabinskaya Oblast, 456770, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 14.2.1991 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (351) 245-33-33 Suíomh gréasáin: http://www.snbank.ru Ríomhphost: bank@snbank.ru	Tá JSC Bank “Snezhinskiy” ar cheann de na príomh-institiúidí airgeadais agus creidmheasa i réigiún Chelyabinsk Chónaidhm na Rúise. Oibríonn an institiúid sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d'eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Bank “Snezhinskiy” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1851.	JSC Bank “Zarechye” Rúisis: АО “Банк Заречье”	Seoladh: Bldg. 2, Luknitskogo Street, Kazan, Republic of Tatarstan, Russian Federation, 420032 Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 16.11.1990 Uimhir Aitheantais Chánach: 1653016664 Uimhir KPP: 165601001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (843) 557-59-03, +7 (843) 557-59-39 Ríomhphost: office@zarech.ru Suíomh gréasáin: www.zarech.ru	Is banc réigiúnach é JSC Bank “Zarechye” atá lonnaithe i bPoblacht na Tatarstáine. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Ceann de na scairshealbhóirí is mó sa bhanc is ea JSC Kazan Helicopter Plant, cuideachta tionscail mhíleata Rúiseach, atá liostaithe ag an Aontas. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC Bank “Zarechye” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC Bank “Zarechye” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1852.	JSC “Databank” Rúisis: АО “Датабанк”	Seoladh: 51 Ordzhonikidze Street, Izhevsk, Republic of Udmurtia, 426076, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 30.10.1990 Uimhir aitheantais chánach: 1835047032 KPP: 184101001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 800 301-91-91, +7 (3412) 919-100 Suíomh gréasáin: https://databank.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach Rúiseach é JSC “Databank” a bhfuil a cheannáras aige in Izhevsk, i bPoblacht na hUdmairt. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lenadtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC “Databank” comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Ina theannta sin, cuireann JSC “Databank” tréimhsí cairde aisíocaíochta iasachta ar fáil do bhaill d’Fhórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a thugtar uirthi. Mar thoradh air sin, tá beartais Rialtas na Rúise á gcur chun feidhme go díreach ag JSC “Databank”. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC “Databank” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC “Databank” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1853.	JSC CB “Dolinsk” Rúisis: АО КБ “Долинск”	Seoladh: 145, Komsomolskaya Street, Yuzhno-Sakhalinsk, Sakhalin Oblast, 693010, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 21.11.1990 Uimhir Aitheantais Chánach: 6500001204 Uimhir KPP: 650101001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (4242) 45-22-47 Ríomhphost: office@bankdolinsk.ru Suíomh gréasáin: https://dolinskbank.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach é JSC CB “Dolinsk” a bhfuil a cheannáras aige i réigiún Sakhalin de Chónaidhm na Rúise. Tá an banc sin faoi rialú díreach oibríochtúil Rialtas na Rúise. Cuireann JSC CB “Dolinsk” tréimhsí cairde aisíocaíochta iasachta ar fáil do bhaill d’Fhórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a thugtar uirthi. Mar thoradh air sin, tá beartais Rialtas na Rúise á gcur chun feidhme go díreach aige. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC CB “Dolinsk” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC CB “Dolinsk” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1854.	Joint Stock Investment Commercial Bank Eniseisk United Bank Rúisis: АО АИКБ “Енисейский объединенный банк”	Seoladh: Premises 25-26-27, 62 Karla Marksa Street, Krasnoyarsk, Krasnoyarsk Krai, 660049, Russia Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 6.1.1994 Uimhir Aitheantais Chánach: 2447002227 Uimhir KPP: 246601001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (391) 277-00-00 Facs: +7 (391) 277-96-31 Ríomhphost: bank@united.ru Suíomh gréasáin: bank@united.ru	Is banc tráchtála réigiúnach Rúiseach é Joint Stock Investment Commercial Bank Eniseisk United Bank a bhfuil a cheanncheathrú i réigiún Krasnoyarsk. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Joint Stock Investment Commercial Bank Eniseisk United Bank rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1855.	JSC “GUTA-BANK” Rúisis: АО “ГУТА-БАНК”	Seoladh: Building 3, 5 Orlikov Lane, Moscow, 107078, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise	Is banc tráchtála Rúiseach é JSC “GUTA-BANK” atá lonnaithe i Moscó. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC “GUTA-BANK” comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Tairgeann JSC “GUTA-BANK” tréimhsí cairde aisíocaíochta iasachta do bhaill d’Fhórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a thugtar uirthi. Mar thoradh air sin, tá beartais rialtas na Rúise á gcur chun feidhme go díreach ag JSC “GUTA-BANK”. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC “GUTA-BANK” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC “GUTA-BANK” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1856.	JSC JSCB “International Financial Club” ar a dtugtar freisin JSC MFK Bank Rúisis: АО АКБ “Международный финансовый клуб” ar a dtugtar freisin АКБ “МФК”	Seoladh: Presnenskaya Embankment, 10, Moscow, 123112, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 20.12.1993 Uimhir Aitheantais Chánach: 7744000038 Uimhir KPP: 770301001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 287-02-60 Ríomhphost: tp@mfk-bank.ru Suíomh gréasáin: www.mfk-bank.ru	Is banc tráchtála é JSC JSCB “International Financial Club” atá lonnaithe i Moscó agus atá i measc na 60 banc is mó sa Rúis de réir mhéid na sócmhainní. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC JSCB “International Financial Club” comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC JSCB “International Financial Club” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1857.	JSC “Interprogressbank” ar a dtugtar freisin JSC Bank IPB Rúisis: АО “Интерпрогрессбанк” ar a dtugtar freisin АО Банк ИПБ	Seoladh: Building 1, House 2, Starokashirskoe Highway, Moscow, 115201, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 26.10.1990 Uimhir Aitheantais Chánach: 7724096412 Uimhir KPP: 772401001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (495) 411 00 00 Ríomhphost: info@ipb.ru Suíomh gréasáin: https://ipb.ru/	Is banc tráchtála Rúiseach é JSC “Interprogressbank” atá lonnaithe i Moscó. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC “Interprogressbank” comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Cuireann JSC “Interprogressbank” tréimhsí cairde aisíocaíochta iasachta ar fáil do bhaill d’Fhórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu leis an “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a thugtar uirthi. Mar thoradh air sin, tá beartais Rialtas na Rúise á gcur chun feidhme go díreach aige. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC “Interprogressbank” rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Sa bhreis air sin, tá JSC “Interprogressbank” ag tacú, go hábharach nó ó thaobh airgeadais de, le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	16.11.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1858.	JSC KB Kubantorgbank ar a dtugtar freisin JSC Kuban Trade Bank Rúisis: АО КБ “Кубаньторгбанк” ar a dtugtar freisin Акционерное Общество Коммерческий Банк “Кубанский торговый банк”	Seoladh: 35 Mira St, Krasnodar, Krasnodar Krai, 350063, Russian Federation Cineál eintitis: Cuideachta Comhstoic Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 15.10.1990 Uimhir Aitheantais Chánach: 2309023960 Uimhir KPP: 231201001 Príomhionad gnó: Cónaidhm na Rúise Teileafón: +7 (861) 212 60 80 Ríomhphost: info@kubantorgbank.ru Suíomh gréasáin: https://bktb.ru/	Is banc tráchtála réigiúnach Rúiseach é JSC KB Kubantorgbank a bhfuil a cheanncheathrú in Krasnodar Krai. Oibríonn an banc sin faoi réir ceadúnas baincéireachta uilíoch a d’eisigh Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise lena dtugtar údarú dó oibríochtaí baincéireachta a dhéanamh. Shínigh JSC KB Kubantorgbank comhaontú le Banc Ceannais Chónaidhm na Rúise chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal don rúbal digiteach. Cuireann an earnáil bhaincéireachta cuid mhór ioncaim ar fáil do Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá JSC KB Kubantorgbank rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim í do Rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine.	16.11.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2575/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
